# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 194

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 65

21 Iúil 2022

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2022/1273 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin** ..... 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1274 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin** ..... 5

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1275 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria** ..... 8

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2022/1276 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin** ..... 11

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1277 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria** ..... 15

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2022/1273 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Iúil 2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do bhearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.

(2) An 21 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1272 ([3]) lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES, cinneadh lenár tugadh isteach maolú breise ar an reo sócmhainní agus ar an toirmeasc ar chistí agus sócmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine agus eintitis ainmnithe chun teagmhas a chosc nó a laghdú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol.

(3) I bhfianaise sheasamh daingean an Aontais chun neamhshlándáil bia ar fud an domhain a sheachaint agus a chomhrac, agus chun cur isteach ar bhealaí íocaíochta do tháirgí talmhaíochta a sheachaint, le Cinneadh (CBES) 2022/1272 freisin, tugtar isteach maolú ar reo sócmhainní agus ar an toirmeasc chun cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do bhainc ainmnithe.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2022/1272, freisin, tugtar isteach maolú ar reo sócmhainní agus ar an toirmeasc chun cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil maidir le foirceannadh ordúil oibríochtaí, lena n-áirítear caidrimh bhaincéireachta chomhfhreagracha, le banc ainmnithe aonair.

---

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.

([2]) Cinneadh (AE) Uimh 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/1272 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 193, 21.7.2022).

(5) Chun cur chun feidhme éifeachtach agus aonfhoirmeach Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a áirithiú, agus i bhfianaise chastacht mhéadaitheach na scéimeanna um smachtbhannaí a sheachaint, a chuireann bac ar an gcur chun feidhme sin, is gá a chur d'oibleagáid ar dhaoine agus eintitis ainmnithe a bhfuil sócmhainní acu laistigh de dhlínse an Aontais na sócmhainní sin a thuairisciú agus oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil i bhfíorú an tuairiscithe sin. Is iomchuí freisin na forálacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe le haghaidh oibreoirí an Aontais a neartú, d'fhonn sárú agus imchéimniú an reo sócmhainní a chosc. Aon mhainneachtain an oibleagáid seo a urramú, is éard a bheadh inti, imchéimniú an reo sócmhainní agus bheadh sí faoi réir pionós má chomhlíontar na coinníollacha maidir leis na pionóis sin faoi na rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme.

(6) Ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart chun maoine, an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, cosaint sonraí pearsanta, agus go háirithe dualgas rúndachta dlíodóirí i leith a gcuid cliant.

(7) Tagann na leasuithe sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 6b mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

"2a. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú go scaoilfear cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe leis an eintiteas a liostaítear faoi uimhir iontrála 108 in Iarscríbhinn I, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don eintiteas sin, faoi na coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin riachtanach, faoin 22 Lúnasa 2023, chun oibríochtaí, conarthaí, nó comhaontuithe eile a fhoirceannadh, lena n-áirítear caidrimh chomhfhreagracha baincéireachta, arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas sin roimh an 21 Iúil 2022.";

2b. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don eintiteas a liostaítear faoi iontráil uimhir 108 in Iarscríbhinn I, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin riachtanach chun díolachán agus aistriú atá ar bun i dtaca le cearta dílseánaigh atá faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach an eintitis sin i nduine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas a thabhairt chun críche faoin 31 Deireadh Fómhair 2022."

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) tá gá leis na cistí nó acmhainní eacnamaíocha chun go ndíolfar agus go n-aistreofar faoin 31 Nollaig 2022 nó laistigh de 6 mhí ón dáta liostaithe in Iarscríbhinn I, cibé dáta is déanaí, cearta dílseánaigh i nduine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas i gcás ina bhfuil na cearta dílseánaigh sin faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I; agus,";

(2) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

"*Airteagal 6d*

1. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú go ndéanfar acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) is gá sócmhainní eacnamaíocha den sórt sin a scaoileadh chun teagmhas a chosc nó a laghdú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach nach beag aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol; agus

(b) reofar na fáltais ar toradh iad ar scaoileadh sócmhainní eacnamaíocha den sórt sin.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 1, laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

*Airteagal 6e*

1. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú go scaoilfear cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe leis na heintitis a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 53, 54, 55, 79, 80, 81, 82 agus 108 in Iarscríbhinn I, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do na heintitis sin, faoi na coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin riachtanach chun táirgí talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 1, laistigh de 2 sheachtain ón údarú.";

(3) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. D'ainneoin na rialacha is infheidhme maidir le tuairisciú, rúndacht agus rúndacht ghairmiúil, déanfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí an méid seo a leanas:

(a) aon fhaisnéis lena n-éascófar comhlíonadh an Rialacháin seo, amhail faisnéis faoi chuntais agus faoi mhéideanna arna reo i gcomhréir le hAirteagal 2 nó faisnéis atá ina seilbh acu faoi chistí agus faoi shócmhainní eacnamaíocha laistigh de chríoch an Aontais ar le, atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus nár chaith na daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí leo, a bhfuil an oibleagáid dhlíthiúil orthu amhlaidh a dhéanamh, mar chistí agus mar shócmhainní eacnamaíocha reoite, an fhaisnéis sin a sholáthar láithreach d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu nó ina bhfuil siad lonnaithe, agus déanfaidh siad aon fhaisnéis den sórt sin a tharchur, go díreach nó tríd an mBallstát, chuig an gCoimisiún; agus

(b) oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le haon fíorú faisnéise den sórt sin.";

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

"4. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údaráis forfheidhmiúcháin agus riarthóirí cláruithe oifigiúla ina ndéantar daoine nádúrtha, daoine dlíthiúla, eintitis agus comhlachtaí chomh maith le maoin dhochorraithe nó maoin shochorraithe a chlárú, faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a phróiseáil agus a mhalartú le húdaráis inniúla eile na mBallstát agus leis an gCoimisiún.

5. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta, is i gcomhréir leis an Rialachán seo agus, le Rialacháin (AE) 2016/679 (*) agus (AE) 2018/1725 (**) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanfar í agus ní dhéanfar í ach amháin a mhéid is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm'. agus chun comhoibriú éifeachtach idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(*) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireah Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

1. Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon turas, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2.

2. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) aon fhaisnéis a thuairisciú roimh an 1 Meán Fómhair 2022, nó laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn I, cibé acu is déanaí, faoi chistí nó sócmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Bhallstáit ar leis iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na sócmhainní eacnamaíocha sin lonnaithe; agus

(b) oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le haon fíorú faisnéise den sórt sin.

3. Déanfar mainneachtain maidir le mír 2 a chomhlíonadh a mheas mar rannpháirtíocht, dá dtagraítear i mír 1, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas laistigh de 2 sheachtain maidir leis an bhfaisnéis a fhaightear de bhun mhír 2(a).

5. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid i mír 2(a) go dtí an 1 Eanáir 2023 a mhéid a bhaineann le cistí nó acmhainní eacnamaíocha atá lonnaithe i mBallstát a raibh oibleagáid tuairiscithe chomhchosúil leagtha síos aige faoin dlí náisiúnta roimh an 21 Iúil 2022.

6. Aon fhaisnéis a sholáthrófar nó a gheofar i gcomhréir leis an Airteagal seo, úsáidfear í chun na gcríoch ar soláthraíodh nó a bhfuarthas é.

7. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta, is i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanfar í agus ní dhéanfar í ach amháin a mhéid is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1274 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Iúil 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine agus leanann sé de ghníomhaíochtaí agus de bhearta lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine a cháineadh.

(3) Tugann réimeas na Siria tacaíocht, lena n-áirítear tacaíocht mhíleata, do chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine. I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart seisear mar aon le heintiteas amháin atá bainteach le hearcú amhas Siriach chun troid san Úcráin in éineacht le trúpaí Rúiseacha a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus an t-eintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

**Daoine**

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "1176. | Muhammad AL-SALTI (Muhamad AL-SALTI, Akram Muhammad AL-SALTI, Muhammad SALTI) - محمد السلطي, أكرم السلطي, أكرم محمد السلطي, محمد | Náisiúntacht: Siriach<br>Post: Ardcheannasaí ar an 'Palestine Liberation Army'<br>Inscne: fireann | Is é Muhammad AL-SALTI an tArdcheannasaí ar an 'Palestine Liberation Army', atá rannpháirteach in earcú Palaistíneach chun troid san Úcráin in éineacht leis an Rúis. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu. | 21.7.2022 |
| 1177. | Abu Hani SHAMMOUT (Abu Hani SHAMOUT, Abu SHAMMOUT, Hani SHAMMOUT) - أبو هاني شموط, أبو شموط, هاني شموط | Inscne: fireann | Is iar-oifigeach míleata Siriach agus iarcheannaire ar an bhfaicsean 'al-Ahdat al-Omariya' é Abu Hani SHAMMOUT, atá freagrach, in éineacht le hearcaitheoirí Rúiseacha, as amhais Shiriacha as Yalda, Babila agus Beit Sahem, ó dheas ón Damaisc, a chlárú, a bhfuil sé i ndán dóibh troid ar son fhórsaí na Rúise sa Libia agus san Úcráin. Chuir an Wagner Group de chúram air go díreach maoirseacht a dhéanamh ar earcú iarshaighdiúirí. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu. | 21.7.2022 |
| 1178. | Nabeul AL-ABDULLAH (Nabel AL-ABDULLAH, Nabel AL-ABDALLAH, Nabel ABDALLAH, Nabel ABDULLAH) - نابل عبدالله, نابل العبدالله | Post: Ceannasaí ar na National Defence Forces i gcathair Suqaylabiyah<br>Inscne: fireann | Is é Nabeul AL-ABDULLAH ceannasaí ar na National Defence Forces i gcathair Suqaylabiyah. Tá maoirseacht á déanamh aige ar earcú amhais Siriach chun troid in éineacht leis an Rúis san Úcráin ó thús chogadh foghach na Rúise. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu. | 21.7.2022 |
| 1179. | Simon AL WAKIL (Simon WAKIL, Simon Al WAQIL, Simon WAQIL, Simon AL WAKEEL, Simon WAKEEL) - سيمون الوكيل, سيمون | Post: ceannasaí ar na National Defence Forces i gcathair Maharda<br>Inscne: fireann | Is ceannasaí ar na National Defence Forces i gcathair Maharda (Hama) é Simon AL WAKIL. Comhoibríonn sé go díreach le ceannasaíocht fhórsaí na Rúise sa tSiria, agus tá sé gníomhach i dtaca le hathsheachadadh i ndáil leis na hoibríochtaí chun daoine a chlárú chun troid san Úcráin in éineacht leis an Rúis. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu. | 21.7.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1180. | Fawaz Mikhail GERGES - فواز ميخائيل جرجس | Post: fear gnó, POF ar Al Sayyad Company for Guarding and Protection Services<br>Inscne: fireann | Is é Fawaz Mikhail Gerges stiúrthóir Al Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd, cuideachta slándála príobháidí de chuid na Siria a bunaíodh in 2017 agus faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhaíoch i gcosaint leasanna eacnamaíocha na Rúise a áirithiú (fosfáití, gás, agus láithreáin ola a áirithiú). Tá sé freagrach as amhais a earcú chun tairbhe fhórsaí na Rúise sa Libia agus san Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu. | 21.7.2022 |
| 1181. | Yasar Hussein IBRAHIM (Yassar Hussein IBRAHIM, Yassar IBRAHIM) - ياسر حسين ابراهيم | Náisiúntacht: Siriach<br>Dáta breithe: an 9.4.1983<br>Áit bhreithe: an Damaisc<br>Inscne: fireann | Is é Yasar Hussein Ibrahim comhúinéir Al-Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd, cuideachta slándála príobháidí de chuid na Siria a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás, agus láithreáin ola a áirithiú). Tá an chuideachta gníomhach in earcú amhais Siriach chuig an Libia agus an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Yasar Hussein Ibrahim freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 21.7.2022" |

**Eintitis**

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "102. | Al-Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd (dá ngairtear freisin 'ISIS Hunters') - شركة الصياد لخدمات الحراسة والحماية | Dáta a cruthaithe: 2017<br>Ceanncheathrú: Al Suqaylabiya (réigiún Hama) | Is cuideachta slándála príobháidí de chuid na Siria í Al-Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás, agus láithreáin ola a áirithiú). Tá an chuideachta, a fheidhmíonn faoin ainm 'ISIS Hunters', gníomhach in earcú amhas Siriach chuig an Libia agus an Úcráin. Dá bhrí sin, tá an chuideachta freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 21.7.2022" |

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1275 ÓN gCOMHAIRLE

## an 21 Iúil 2022

## lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(2) Is cúis mhór imní don Chomhairle fós an staid sa tSiria. Tá corradh le 10 mbliana imithe tharainn ach is fada uainn fós deireadh na coinbhleachta sa tSiria, agus tá a bheartas cos ar bolg á shaothrú fós ag an réimeas sa tír sin. Ina theannta sin, tá tacaíocht á soláthar ag réimeas na Siria, lena n-áirítear tacaíocht mhíleata, don fhogha míleata gan chúis gan údar atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart ceathrar agus eintiteas amháin a chur ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

---

([1]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leanas:

(1) Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A (Daoine):

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "323. | Saleh AL-ABDULLAH<br>(صالح عبدالله) | Dáta breithe: 1967<br>Áit bhreithe: Safita, Tartous, Syria<br>Post: Briogáidire-Ghinearál<br>Inscne: fireann | Is é Saleh AL-ABDULLAH ceannasaí an 16th Brigade atá cleamhnaithe le ceannas fhórsaí na Rúise sa tSiria ó 2020. Ba é ionadaí an Bhriogáidire-Ghinearáil Suhail al-Hassan é roimhe sin, in 25th Division den Syrian Army. Tá sé bainteach le hearcú ball don 16th Brigade chun troid san Úcráin in éineacht leis an Rúis.<br>Sa cháil sin, is ball Saleh AL-ABDULLAH de na Syrian Armed Forces agus an rang 'coirnéal' aige agus rang atá coibhéiseach leis sin nó níos airde agus é sa phost sin tar éis mhí na Bealtaine 2011. | 21.7.2022 |
| 324. | Ahmed KHALIL KHALIL<br>(dá ngairtear freisin Ahmed KHALIL)<br>(احمد خليل خليل) | Inscne: fireann | Is é Ahmed KHALIL KHALIL comhúinéir Sanad Protection and Security Services, cuideachta slándála príobháidí Siriach a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam do réimeas na Siria. Ina theannta sin, tá an chuideachta gníomhach in earcú amhas de chuid na Siria le cur chuig an Libia agus chuig an Úcráin.<br>Sa chás sin, tacaíonn Ahmed KHALIL KHALIL le réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as. | 21.7.2022 |
| 325. | Nasser Deeb DEEB<br>(dá ngairtear freisin Nasser Dhib, Nasser Dib, Nasser Deeb)<br>(ناصر ديب) | Inscne: fireann | Is é Nasser Deeb DEEB comhúinéir Sanad Protection and Security Services, cuideachta slándála príobháidí Siriach a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam do réimeas na Siria. Ina theannta sin, is é comhúinéir na cuideachta Ella Services é in éineacht le Khodr Ali Taher.<br>Sa cháil sin, tacaíonn Nasser Deeb DEEB le réimeas na tSiria agus baineann sé tairbhe as. | 21.7.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 326. | Issam SHAMMOUT<br>(dá ngairtear freisin Mohammed Issam Shammout, Mohamed Essam Shammout, Muhammad Issam Shammout, Muhammad Essam Shammout)<br>(محمد عصام شموط) | Dáta breithe: 1971<br>Áit bhreithe: Damascus, Syria<br>Inscne: fireann | Is é Issam SHAMMOUT úinéir agus cathaoirleach bhord stiúrthóirí na haerlíne 'Cham Wings' agus ceannaire an Shammout Group, atá gníomhach sna hearnálacha gluaisteán, cruach, eitlíochta, seolta lasta, tógála, agus eastáit réadaigh.<br>Sa cháil sin, is fear mór gnó é Issam SHAMMOUT atá ag feidhmiú sa tSiria. | 21.7.2022" |

(2) Cuirtear an iontráil seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn B (eintitis):

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "82. | Sanad Protection and Security Services<br>(شركة سند للحرسات والخدمات الأمنية) | An cineál eintitis: Cuideachta Dliteanais Theoranta<br>Dáta a chruthaithe: 22 Deireadh Fómhair 2017<br>Ceanncheathrú: Damascus | Is cuideachta slándála príobháideach Siriach é Sanad Protection and Security Services, a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam do réimeas na Siria. Ina theannta sin, tá an chuideachta gníomhach in earcú amhas de chuid na Siria le cur chuig an Libia agus chuig an Úcráin. Sa chás sin, tacaíonn an chuideachta le réimeas na Siria agus baineann sí tairbhe as. | 21.7.2022" |

# CINNTÍ

**CINNEADH (CBES) 2022/1276 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Iúil 2022**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine agus leanann sé de ghníomhaíochtaí agus de bhearta lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine a cháineadh.

(3) Tugann réimeas na Siria tacaíocht, lena n-áirítear tacaíocht mhíleata, do chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine. I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart seisear mar aon le heintiteas amháin atá bainteach le hearcú amhas Siriach chun troid san Úcráin in éineacht le trúpaí Rúiseacha a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus an t-eintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

**Daoine**

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "1176. | Muhammad AL-SALTI (Muhamad AL-SALTI, Akram Muhammad AL-SALTI, Muhammad SALTI) - محمد السلطي, أكرم السلطي, أكرم محمد السلطي, محمد | Náisiúntacht: Siriach<br>Post: Ardcheannasaí ar an 'Palestine Liberation Army'<br>Inscne: fireann | Is é Muhammad AL-SALTI an tArdcheannasaí ar an 'Palestine Liberation Army', atá rannpháirteach in earcú Palaistíneach chun troid san Úcráin in éineacht leis an Rúis. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu. | 21.7.2022 |
| 1177. | Abu Hani SHAMMOUT (Abu Hani SHAMOUT, Abu SHAMMOUT, Hani SHAMMOUT) أبو هاني شمو ط, أبو- شموط, هاني شموط | Inscne: fireann | Is iar-oifigeach míleata Siriach agus iarcheannaire ar an bhfaicsean 'al-Ahdat al-Omariya' é Abu Hani SHAMMOUT, atá freagrach, in éineacht le hearcaitheoirí Rúiseacha, as amhais Shiriacha as Yalda, Babila agus Beit Sahem, ó dheas ón Damaisc, a chlárú, a bhfuil sé i ndán dóibh troid ar son fhórsaí na Rúise sa Libia agus san Úcráin. Chuir an Wagner Group de chúram air go díreach maoirseacht a dhéanamh ar earcú iarshaighdiúirí. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu. | 21.7.2022 |
| 1178. | Nabeul AL-ABDUL-LAH (Nabel AL-ABDUL-LAH, Nabel AL-ABDAL-LAH, Nabel ABDALLAH, Nabel ABDULLAH) - نابل عبدالله, نابل العبدالله | Post: Ceannasaí ar na National Defence Forces i gcathair Suqaylabiyah<br>Inscne: fireann | Is é Nabeul AL-ABDULLAH ceannasaí ar na National Defence Forces i gcathair Suqaylabiyah. Tá maoirseacht á déanamh aige ar earcú amhais Siriach chun troid in éineacht leis an Rúis san Úcráin ó thús chogadh foghach na Rúise. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu. | 21.7.2022 |
| 1179. | Simon AL WAKIL (Simon WAKIL, Simon Al WAQIL, Simon WAQIL, Simon AL WAKEEL, Simon WAKEEL) - سيمون الوكيل, سيمون | Post: ceannasaí ar na National Defence Forces i gcathair Maharda<br>Inscne: fireann | Is ceannasaí ar na National Defence Forces i gcathair Maharda (Hama) é Simon AL WAKIL. Comhoibríonn sé go díreach le ceannasaíocht fhórsaí na Rúise sa tSiria, agus tá sé gníomhach i dtaca le hathsheachadadh i ndáil leis na hoibríochtaí chun daoine a chlárú chun troid san Úcráin in éineacht leis an Rúis. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu. | 21.7.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1180. | Fawaz Mikhail GERGES - فواز ميخائيل جرجس | Post: fear gnó, POF ar Al Sayyad Company for Guarding and Protection Services<br>Inscne: fireann | Is é Fawaz Mikhail Gerges stiúrthóir Al Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd, cuideachta slándála príobháidí de chuid na Siria a bunaíodh in 2017 agus faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhaíoch i gcosaint leasanna eacnamaíocha na Rúise a áirithiú (fosfáití, gás, agus láithreáin ola a áirithiú). Tá sé freagrach as amhais a earcú chun tairbhe fhórsaí na Rúise sa Libia agus san Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó atá ina mbagairt orthu. | 21.7.2022 |
| 1181. | Yasar Hussein IBRAHIM (Yassar Hussein IBRAHIM, Yassar IBRAHIM) - ياسر حسين ابراهيم | Náisiúntacht: Siriach<br>Dáta breithe: an 9.4.1983<br>Áit bhreithe: an Damaisc<br>Inscne: fireann | Is é Yasar Hussein Ibrahim comhúinéir Al-Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd, cuideachta slándála príobháidí de chuid na Siria a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás, agus láithreáin ola a áirithiú). Tá an chuideachta gníomhach in earcú amhais Siriach chuig an Libia agus an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Yasar Hussein Ibrahim freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 21.7.2022" |

**Eintitis**

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "102. | Al-Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd (dá ngairtear freisin 'ISIS Hunters') - شركة الصياد لخدمات الحراسة والحماية | Dáta a cruthaithe: 2017<br>Ceanncheathrú: Al Suqaylabiya (réigiún Hama) | Is cuideachta slándála príobháidí de chuid na Siria í Al-Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás, agus láithreáin ola a áirithiú). Tá an chuideachta, a fheidhmíonn faoin ainm 'ISIS Hunters', gníomhach in earcú amhas Siriach chuig an Libia agus an Úcráin. Dá bhrí sin, tá an chuideachta freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 21.7.2022" |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/1277 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Iúil 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria ([1]) agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES.

(2) Is cúis mhór imní don Chomhairle fós an staid sa tSiria. Tá corradh le 10 mbliana imithe tharainn ach is fada uainn fós deireadh na coinbhleachta sa tSiria, agus tá a bheartas cos ar bolg á shaothrú fós ag an réimeas sa tír sin. Ina theannta sin, tá tacaíocht á soláthar ag réimeas na Siria, lena n-áirítear tacaíocht mhíleata, don fhogha míleata gan chúis gan údar atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart ceathrar agus eintiteas amháin a chur ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch.14.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A (Daoine):

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "323. | Saleh AL-ABDULLAH<br>(صالح عبدالله) | Dáta breithe: 1967<br>Áit bhreithe: Safita, Tartous, Syria<br>Post: Briogáidire-Ghinearál<br>Inscne: fireann | Is é Saleh AL-ABDULLAH ceannasaí an 16th Brigade atá cleamhnaithe le ceannas fhórsaí na Rúise sa tSiria ó 2020. Ba é ionadaí an Bhriogáidire-Ghinearáil Suhail al-Hassan é roimhe sin, in 25th Division den Syrian Army. Tá sé bainteach le hearcú ball don 16th Brigade chun troid san Úcráin in éineacht leis an Rúis.<br>Sa cháil sin, is ball Saleh AL-ABDULLAH de na Syrian Armed Forces agus an rang 'coirnéal' aige agus rang atá coibhéiseach leis sin nó níos airde agus é sa phost sin tar éis mhí na Bealtaine 2011. | 21.7.2022 |
| 324. | Ahmed KHALIL KHALIL<br>(dá ngairtear freisin Ahmed KHALIL)<br>(احمد خليل خليل) | Inscne: fireann | Is é Ahmed KHALIL KHALIL comhúinéir Sanad Protection and Security Services, cuideachta slándála príobháidí Siriach a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam do réimeas na Siria. Ina theannta sin, tá an chuideachta gníomhach in earcú amhas de chuid na Siria le cur chuig an Libia agus chuig an Úcráin.<br>Sa chás sin, tacaíonn Ahmed KHALIL KHALIL le réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as. | 21.7.2022 |
| 325. | Nasser Deeb DEEB<br>(dá ngairtear freisin Nasser Dhib, Nasser Dib, Nasser Deeb)<br>(ناصر ديب) | Inscne: fireann | Is é Nasser Deeb DEEB comhúinéir Sanad Protection and Security Services, cuideachta slándála príobháidí Siriach a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam do réimeas na Siria. Ina theannta sin, is é comhúinéir na cuideachta Ella Services é in éineacht le Khodr Ali Taher.<br>Sa cháil sin, tacaíonn Nasser Deeb DEEB le réimeas na tSiria agus baineann sé tairbhe as. | 21.7.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 326. | Issam SHAMMOUT<br>(dá ngairtear freisin Mohammed Issam Shammout, Mohamed Essam Shammout, Muhammad Issam Shammout, Muhammad Essam Shammout)<br>(محمد عصام شموط) | Dáta breithe: 1971<br>Áit bhreithe: Damascus, Syria<br>Inscne: fireann | Is é Issam SHAMMOUT úinéir agus cathaoirleach bhord stiúrthóirí na haerlíne 'Cham Wings' agus ceannaire an Shammout Group, atá gníomhach sna hearnálacha gluaisteán, cruach, eitlíochta, seolta lasta, tógála, agus eastáit réadaigh.<br>Sa cháil sin, is fear mór gnó é Issam SHAMMOUT atá ag feidhmiú sa tSiria. | 21.7.2022" |

(2) Cuirtear an iontráil seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn B (eintitis):

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "82. | Sanad Protection and Security Services<br>(شركة سند للحرسات والخدمات الأمنية) | An cineál eintitis: Cuideachta Dliteanais Theoranta<br>Dáta a chruthaithe: 22 Deireadh Fómhair 2017<br>Ceanncheathrú: Damascus | Is cuideachta slándála príobháideach Siriach é Sanad Protection and Security Services, a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam do réimeas na Siria. Ina theannta sin, tá an chuideachta gníomhach in earcú amhas de chuid na Siria le cur chuig an Libia agus chuig an Úcráin. Sa chás sin, tacaíonn an chuideachta le réimeas na Siria agus baineann sí tairbhe as. | 21.7.2022" |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA